



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024
(OR. en)

9303/24

Comhad Idirinstiúideach:
2024/0099(NLE)

ECOFIN 509
UEM 128
FIN 393
CADREFIN 83

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear
Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an
mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta don Spáinn

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le
formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta don Spáinn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Spáinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinnidh Cur Chun Feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle')². Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú an 17 Deireadh Fómhair 2023³.
- (2) An 19 Márta 2024, rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togradh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, thíolaic an Spáinn plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta arna dtíolacadh ag an Spáinn i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 16 bheart.

² Féach doiciméid ST 10150/21 agus ST 10150/21 ADD 1 REV 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

³ Féach doiciméid ST 13695/23 REV 1 agus ST 13695/23 ADD 1 REV 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

- (4) Mhínigh an Spáinn, i gcás seacht mbeart, nach féidir a chruthú gur baineadh amach 15 gharsprioc agus sprioc toisc nach ndéantar foráil i nósanna imeachta inmheánacha na Spáinne maidir le fianaise phríomhúil aonchiallach lena bhféadfaí fíorú sainráite a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna sin. Ba cheart an cineál táscaire a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil a mhodhnú ionas gur féidir fíorú den sórt sin a dhéanamh, gan cuspóirí ná cineál na mbeart ábhartha a athrú. Ba cheart cainníochtaí sonracha na dtáscairí nua sin a bhunú ionas go gcaomhnófar leibhéal uailmhéine na mbeart ábhartha. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 8 de bheart I1 (Infheistíocht: Limistéir íseal-astaíochta agus mórathrú ar an iompar uirbeach agus cathrach) agus an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 17 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Bearta chun cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí iompair d'iarnród a fheabhsú) faoi chomhchuid 1 (plean turrainge soghluaisteachta inbhuanaithe, sábháilte agus nasctha i dtimpeallachtaí uirbeacha agus cathrach). Baineann sé sin freisin leis an ngarsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 85 faoi bheart I1 (Infheistíocht: Gréasán tarchurtha náisiúnta - Conairí Eorpacha), na garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 88 agus 94 agus na spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 89 agus 92 faoi bheart I2 (Infheistíocht: An Clár don Ghréasán Tras-Eorpach Iompair, oibreacha eile) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha, garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 95 agus 96 agus na spriocanna le huimhreacha seicheamhacha 97 agus 98 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Idirmhódúlacht agus lóistíocht), agus na garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 99 agus 100 faoi bheart I4 (Infheistíocht: Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha, faoi chomhchuid 6 (Soghluaisteacht inbhuanaithe (fad-achair)). Baineann sé sin freisin leis na spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 300 agus 302 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Nuálaíocht agus idirnáisiúnú na gairmoiliúna) faoi chomhchuid 20 (Plean straitéiseach chun borradh a chur faoin ngairmoiliúint) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha. Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (5) Mhínigh an Spáinn go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann i gcás naoi mbeart maidir lena gcur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach 107 faoi bheart R1 (Athchóiriú: Creat rialála chun giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn) faoi chomhchuid 7 (Cur in úsáid agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite) agus leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach 164 faoi bheart I2 (Infheistíocht: Tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigiteáil) faoi chomhchuid 11 (Riaracháin Phoiblí a Nuachóiriú). Baineann sé sin freisin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach 188 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Plean chun tacú le cur chun feidhme reachtaíochta maidir le dramhaíl agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha faoi chomhchuid 12 (Beartas tionsclaíoch). Baineann sé sin freisin leis na garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheimhacha 448.a agus 448.c faoi bheart I6 (Infheistíocht: Scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (deontais)) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha, mar aon leis an ngarsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach L22 agus an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach L24 faoi bheart I7 (Infheistíocht: Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí)) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha faoi chomhchuid 12 (Beartas tionsclaíoch). Baineann sé sin freisin leis na spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheimhacha 202, 203, 206, 207 agus 209 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Digiú agus Nuálaíocht), agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha faoi chomhchuid 13 (Tacaíocht do FBManna). Baineann sé sin freisin leis an ngarsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheimhach 276 faoi bheart R4 (Athchóiriú: Scileanna gairmiúla a neartú agus an fhostaíocht shealadach a laghdú) faoi chomhchuid 18 (An córas sláinte náisiúnta a athchóiriú agus a acmhainneacht a leathnú) agus an tuairisc ar an athchóiriú ábhartha. Baineann sé sin freisin leis na garspriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheimhacha 494, 496 agus 497 faoi bheart I6 (Infheistíocht: Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (deontais)) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha, mar aon le garsprioc L86 agus sprioc L88 faoi bheart I8 (Infheistíocht: Scéim tacaíochta le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (iasachtaí)) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha faoi chomhchuid 31 (caibidil REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí na tuairiscí ar bhearta, na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú. Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (6) Mhínigh an Spáinn go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar éileamh neamhleor i ngeall ar fhorbairtí a tharla le déanaí i margadh an leictreachais. Baineann sé sin leis an sprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 106 de bheart R1 (Athchóiriú: Creat rialála chun giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn) faoi chomhchuid 7 (Cur in úsáid agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite). Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.
- (7) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Spáinn, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (8) Sainaithníodh 4 earráid chléireachais i dtéacs na hIarscríbhíne a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle, earráidí lena ndéantar difear do 2 gharsprioc, 3 sprioc agus 4 bheart faoi 4 chomhchuid. Ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú chun earráidí cléireachais den sórt sin a cheartú, de réir mar a comhaontaigh an Coimisiún agus an Spáinn. Baineann na hearráidí cléireachais leis na garspriocanna ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 166 faoi bheart I2 (Infheistíocht: tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigiteáil) faoi chomhchuid 11 (Riaracháin phoiblí a nuachóiriú), an garsprioc ag a bhfuil uimhir sheicheamhach 251 faoi bheart R1 (Athchóiriú: Straitéis Náisiúnta IS) faoi chomhchuid 16 (an Intleacht shaorga), na spriocanna ag a bhfuil uimhreacha seicheamhacha 200, 204 agus 208 faoi bheart I3 (Infheistíocht: Digitíú agus Nuálaíocht) faoi chomhchuid 13 (Tacaíocht do FBManna), agus an tuairisc ar bheart R4 (Scileanna gairmiúla a neartú agus an fhostaíocht shealadach a laghdú) faoi chomhchuid 18 (An córas sláinte náisiúnta a athchóiriú agus a acmhainneacht a leathnú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú ón gCoimisiún

- (9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach don phlean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) den Rialachán (AE) 2021/241.

Measúnú dearfach

- (11) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na socrúithe agus an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, a leagan amach, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socrúithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

- (12) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle sin a ionadú ina hiomláine,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasuithe don Spáinn a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna breise a bhaineann le hóc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

Airteagal 2

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Spáinn.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán